

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO  
MEASÚNÚ FAOI THEASTAIS GHAELGE**

---

**OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE  
EARRACH, 2024**

---

**An Triail Scríofa – 100 MARC**

---

**Trí uair an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00).  
Freagair cúig cheist.**

---

**ROINN A**

**SCRÍBHNEOIREACTH FHEIDHMIÚIL**

**Freagair Ceist 1 nó Ceist 2**

1. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):  
Mar Phríomhoide ar do scoil, scríobh litir chuig an mBainisteoir ag ‘Leadóg Laethúil,’ 5 Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Longfort, ag gabháil buíochais léi as seit ranga de raicéid leadóige a bhronnadh ar an scoil.
  
2. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):  
Mar Phríomhoide ar do scoil, scríobh litir chuig Cathaoirleach an Bhoird Phleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1 ag tacú leis an iarratas pleanála d’amharclann nua atá déanta ag an gClub Drámaíochta áitiúil.  
(30 marc)

**ROINN B**

**AISTRÍÚCHÁIN**

**Freagair Ceist 3 agus Ceist 4**

3. Aistrigh go Gaeilge:-
  - (a) Hurry up, girls! Clean your shoes, please.
  - (b) Put your gloves in the pocket of your coat, Máire.
  - (c) Take off your coat, Aoife, and hang it up.
  - (d) Turn off the lights, Pól. It’s time for us to finish.
  - (e) Why were you not at school yesterday, Eoghan?
  - (f) Where is the milk, Ciarán?
  - (g) Listen to this, please, boys!
  - (h) Finish up now, Caoimhín, and put the book back.

- (i) Excuse me, Bríd. Do you own this pencil?
- (j) Goodbye for now, I will see you tomorrow, children!

(15 mharc)

#### 4. Aistrigh go Gaeilge:-

Teacher: Excuse me! I'm sorry for interrupting you.

Principal: You are not interrupting me at all. Can I help you with something?

Teacher: Yes. I was hoping to take a Personal Day next Monday.

Principal: That should be fine. I will have to organise a substitute teacher.

Teacher: I have an appointment in the hospital in Dublin.

Principal: I understand. I will put that in my diary now.

Teacher: Thanks. I will prepare work for the substitute teacher.

Principal: You're very good. That would be great.

Teacher: I will leave it on my table in my classroom.

Principal: Excellent! The best of luck with your appointment!

(20 marc)

### ROINN C

#### GRAMADACH

#### Freagair Ceist 5

#### 5. Scríobh na freagraí i do fhreagarleabhar:-

##### An Briathar:

1. A Áine! Ná (ól) \_\_\_\_\_ do bhaine go dtí am lóin.
2. A bhuachaillí! (Faigh) \_\_\_\_\_ na huirlisí ceoil anois.
3. (Taispeáin) \_\_\_\_\_ Méabh a póstaer don mhúinteoir inné.
4. Ní (glan: sí) \_\_\_\_\_ a gluaisteán gach lá.
5. Níor (suigh: sé) \_\_\_\_\_ i suíochán in aice leis an bhfuinneog inné.
6. (Foghlaim: mé) \_\_\_\_\_ an fheadóg stáin, dá mbeadh an t-am agam.
7. An (déan: tú) \_\_\_\_\_ An Cháilíocht sa Ghaeilge amárach?
8. Nach (téigh: sí) \_\_\_\_\_ go Gaillimh Dé Domhnaigh seo caite?
9. (Ceannaigh: sé) \_\_\_\_\_ cupán caife gach lá.
10. Dá gcuirfeadh Dónall isteach ar phost an Phríomhoide, (faigh: sé) \_\_\_\_\_ é.
11. An (freagair: tú) \_\_\_\_\_ na ríomhphoist amárach?
12. (Bailigh) \_\_\_\_\_ an-chuid airgid do *Trócaire* inné.
13. (Feic) \_\_\_\_\_ sionnach sa pháirc sin gach oíche.
14. Dúirt Aisling (múinfidh) \_\_\_\_\_ sí ceacht ceoil amárach.
15. Deir na buachaillí (imríonn) \_\_\_\_\_ siad iomáint gach lá.
16. Dúirt Bríd (ní fhaca) \_\_\_\_\_ sí traonach riamh.
17. Beidh an rang ag (faigh) \_\_\_\_\_ bus chuig an linn snámha amárach.
18. Tá toirtín úll (ullmhaigh) \_\_\_\_\_ ag Íde dá haintín.
19. Dá (tabhair: sinn) \_\_\_\_\_ cuireadh do Leo Varadkar, b'fhéidir go dtiocfadh sé chuig an ócáid.
20. Má (dúisigh: tú) \_\_\_\_\_ roimh a seacht a chlog, ní bheidh tú déanach.

##### An Chopail:

21. Ní (múinteoir) \_\_\_\_\_ é Gearóid.
22. Nach (é) \_\_\_\_\_ Tomás an Príomhoide nua?
23. Ar (polaiteoir) \_\_\_\_\_ é Michael Davitt?
24. Ba (seoltóir) \_\_\_\_\_ í Róisín nuair a bhí sí óg.

##### An tAinmfhocal

25. Tá an (iasc [fir.]) \_\_\_\_\_ seo an-bhlasta.
26. Tá an (cathaoir [bain.]) \_\_\_\_\_ sin an-ard.
27. Tá gach rud ar an (bord) \_\_\_\_\_ mór i lár an tseomra.

28. Tá dath álainn ar na (úlla) \_\_\_\_\_ sin.  
29. Beidh na hatrialacha ar siúl ag tús (an fómhar) \_\_\_\_\_.  
30. Rithfidimid timpeall (an pháirc) \_\_\_\_\_ ag am lóin.  
31. Cuir na cluasa ag barr (na coiníní Cásca) \_\_\_\_\_.  
32. Léigh mé focail (na hamhráin) \_\_\_\_\_ inné.

### **An Aidiacht**

33. Tá Caitlín (níos: spórtúil) \_\_\_\_\_ ná Máirín.  
34. Is í Siobhán an cailín (is: sean) \_\_\_\_\_ ar an bhfoireann.

### **An Aidiacht Shealbhach**

35. Beidh seisiún ceoil ar siúl (i: mo: teach) \_\_\_\_\_ amárach.  
36. Ar thug (do: athair) \_\_\_\_\_ nóta duit?

### **An Forainm Réamhfhoclach**

37. Ar éirigh (le: sibh) \_\_\_\_\_ na síolta go léir a chur inné?  
38. Tá spéis aige (i: siad) \_\_\_\_\_.

### **Suas, Thuas, Anuas; Síos, Thíos, Aníos**

39. A Shíofra! Tá an múinteoir drámaíochta thíos ag Oifig an Phríomhoide. An rachaidh tú \_\_\_\_\_ chun a rá léi go bhfuil a rang sa Halla?

### **Isteach, Istigh; Amach, Amuigh**

40. Tá an ghrian ag taitneamh. Rachaidh mé \_\_\_\_\_ chuig an ngairdín.

### **Uimhreacha**

41. Scríobh i bhfocail: Bus 11: \_\_\_\_\_.  
42. Tá (14 úll) \_\_\_\_\_ sa chuisneoir.  
43. Tá Aodh sa Tríú (Bliain) \_\_\_\_\_ dá chúrsa.  
44. Tá beirt (garda) \_\_\_\_\_ ag na soilse tráchta.

### **Gramadach an Bhriathair**

45. Scríobh an aimsir chaite, an fhoirm dhearfach, an tríú pearsa iolra den bhriathar ‘bris.’  
\_\_\_\_\_

46. Scríobh an aimsir láithreach, an fhoirm dhiúltach, an dara pearsa uatha den bhriathar ‘codail.’  
\_\_\_\_\_

47. Scríobh an t-ainm briathartha den bhriathar ‘déan.’  
\_\_\_\_\_

48. I dtéarmaí gramadaí, mínigh ‘dúnta.’  
\_\_\_\_\_

49. I dtéarmaí gramadaí, mínigh ‘gheobhaidh sí.’  
\_\_\_\_\_

50. I dtéarmaí gramadaí, mínigh ‘insítear.’  
\_\_\_\_\_

(25 mharc)

## ROINN D

### LÉAMHTHUISCINT Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

**Sliocht, atá curtha in oiriúint, as *Khalil le Yasmina Khadra, aistrithe go Gaeilge ag Máirín Nic an Iomaire, Barzaz, 2022, 126-128.***

Am lón a bhí ann. Bhí ceapaire faighte agam i siopa *Kebab* agus mé díreach ar tí greim a bhaint as, nuair a bhíog an fón i mo phóca. Is í mo leathcheann cúpla a bhí ann.

“Céard a rinne tú ar Yezza?” a d’fhiafraigh sí.

“Tada. Tuige?”

“Tá sí trína chéile ceart. Tá sí ag iarraidh go nglaofaidh tú láithreach uirthi.”

“Ar tharla rud éigin?”

“Ní dúirt sí ach é seo – mura nglaoann tú uirthi ar an bpointe, is duit is measa.”

“An bhfuil a huimhir fón póca agat?”

“Níl fón póca aici. Caithfidh tú glaoch uirthi ar an líne thalún. Tá sí sa bhaile. Glaoigh ar ais orm nuair a bheidh tú críochnaithe léi. Ba mhaith liom fios a bheith agam céard a tharla.”

Chuaigh mé amach ar an tsráid go nglaofaínn ar Yezza. D’fhreagair sí láithreach mé. Is beag nár bhodhraigh sí mé lena búiríl.

“Éist liomsa anois, a dhiabhail,” ar sí. “Tá sé ocht nóiméad is fiche tar éis a haon. Tá mé ag dul mo lón a chríochnú go deas réidh dom féin agus tá mé ag filleadh ar an obair ina dhiaidh sin. Má thagaimse abhaile tráthnóna agus an gléas lofa sin fós anseo, mionnaím, in ainm ár máthar, go gcrochfaidh mé liom chuig stáisiún na bpóilíní é agus go dtabharfaidh mé ar láimh don cheannfort é.”

“Céard faoi a bhfuil tú ag caint?”

“An ghiuirléid lofa sin a chuir tú i bhfolach sa chófra mangarae.”

“Cén ghiuirléid lofa?”

“Ní bhíonn aon duine eile ach tusa ag fanacht anseo.”

Croch sí suas agus cuthach feirge uirthi.

Bhí fuarallas liom. B’éigean dom mo mheáchan a scaoileadh le balla ar fhaitíos go lúbfadh na cosa fúm.

Bhí an bas do m’fhaire tríd an bhfuinneog agus chonaic sé an bhail a bhí orm.

“Gach rud ceart go leor, a Khalil?”

Thóg sé cúpla meandar orm teacht chugam féin. Bhí mo scornach tirim, bhí giorra anála orm agus bhí deacracht agam slogadh. Maidir le mo dhá chos, bhí faitíos orm go dtabharfaidís uathu.

“Ní thabharfá do charr ar iasacht dom, an dtabharfá? Tá sé práinneach.”

#### **Buntuiscint:**

1. Cár cheannaigh Khalil a lón?
2. Cén teachtaireacht a thugann a leathchúpla do Khalil ar an bhfón?
3. Céard a dhéanfaidh Yezza tar éis di a lón a chríochnú?

#### **Tuiscint liteartha:**

1. Cén bhagairt a dhéanann Yezza maidir leis an ngléas lofa?
2. Conas go bhfuil a fhios agat go raibh faitíos ar Khalil tar éis do Yezza imeacht ón bhfón?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceistanna a ghabhann leis:-

**Sliocht atá curtha in oiriúint as, ‘An Fhiacail Scaoilte,’ gearrscéal foilsithe in *Eachtraí Uchtaigh: Scéalta do Dhaoine Óga* le hEsther Göbl Uí Nualláin, Móinín, 2009, 1-3.**

Is breá le Cian airgead. Bíonn sé gnóthach ar fud an tí. Ag glanadh. Ag ní. Ag leagan an bhoird. Ag scuabadh an urláir. Déanann se obair sa ghairdín, fiú. Obair dhian! Tugann Daid dhá euro dó ó am go ham. Foirfe!

Lá amháin, téann Cian isteach sa seomra folctha chun a chuid fiacila a scuabadh. Isteach leis an scuab ina bhéal agus – ‘Áú ... áú ... áúú!’

Cad atá cearr? Osclaíonn Cian a bhéal go mór leathan. Druideann sé a aghaidh leis an scáthán agus breathnaíonn sé isteach sa phluais fhiacilach. Is ansin a thuigeann sé cad é an fhadhb, cé, ar bhealach eile, nach fadhb í ar chor ar bith, ach dea-scéala. Dea-scéala, fiacail scaoilte! Dea-scéala go deimhin, go háirithe nuair is buachaillín é a bhfuil suim mhór aige suim mhór airgid a bheith aige.

Ligeann Cian liú an áthais as. Bhuel, is olc an ghaoth nach séideann maith do dhuine éigin! Láithreach bonn, tosaíonn sé ar an mbrionglóideach. Dhá euro ó Shióg na bhFiagal. Dhá euro ó Mhamó. Euro ó Mhamaí. Euro eile ó Aintín Brídín. Dhá euro eile fós ó Dhaid, má chaitheann sé an féar bainte thar an mballa isteach sa ghort.

“Fan anois go bhfeice mé,” ar sé. “Sin dó agus dó agus ... aon agus aon eile agus ... dó eile ... mm ... sin ... sin ocht euro. Wow!” Léimeann Cian le háthas.

“Beidh mé saibhir! Beidh mé saibhir agus in ann liathróid nua a cheannach le mo chuid airgid agus b’fhéidir ... b’fhéidir, geansaí peile agus bróga peile freisin!”

Bhuel, níl lá ina dhiaidh sin nach bhféachann Cian sa scáthán. Bogann sé an fhiacail lena mhéar. Bogann sé an fhiacail lena ordóg. Bogann an fhiacail as a stuaim féin. Bogann, bogann, bogann an fhiacail ach ní thiteann sí amach. Tá sí fós daingean go leor sa drandal.

“Ó, a Thiarcais!” arsa Cian. “Cad atá cearr? Cathain a thitfidh sí amach ar chor ar bith?” Ligeann sé osna as.

Go luath ina dhiaidh sin agus Cian ar scoil lá, cuireann sé a theanga leis an bhfiacail. Bogann sé an fhiacail le barr na teanga. Bogann sé lena mhéar í. Bogann sé lena ordóg í.

“Éasca, éasca, éasca péasca,” ar sé. Agus, leis sin, titeann an fhiacail amach! Breathnaíonn sé uirthi i lár na boise ar dtús, a shúile chomh leathan le geata.

“Hurá! Tá sí agam! Tá sí agam!” ar sé in ard a ghutha. Stánann páistí eile an ranga air le hiontas! Stánann Bean Uí Riain air.

“Óra, bí ciúin a Chian! Cad chuige an rí-rá?!”

Ardaíonn Cian an fhiacail bheag bhán san aer – greim aige uirthi idir an chormhéar agus an ordóg – mar a bheadh duais luachmhar ann. Léimeann sé ar fud an ranga.

**Buntuisctint:**

1. Céard a dhéanann Cian ar fud an tí de ghnáth chun airgead a fháil óna athair?
2. Cé mhéad euro a bhfuil Cian ag súil leis ó Shióg na bhFiagal?
3. Céard a cheannóidh Cian leis an airgead?

**Tuisctint liteartha:**

1. Conas go bhfuil a fhios agat go bhfuil Cian sásta nuair a thugann sé faoi deara ar dtús go bhfuil fiacail dá chuid scaoilte?
2. Cén ceiliúradh a dhéanann Cian sa seomra ranga tar éis don mhúinteoir a rá leis a bheith ciúin?

(10 marc)